2026/1149

26.5.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1149 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Bealtaine 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/1484 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1484 ([1]).

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh (CBES) 2024/1484, ba cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a athnuachan go dtí an 28 Bealtaine 2027.

(3) Measann an Chomhairle gur cheart an fhaisnéis aitheantais agus an ráiteas ar chúiseanna atá ag seachtar daoine nádúrtha a leasú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2024/1484 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/1484 mar a leanas:

(1) in Airteagal 11, an chéad mhír, cuirtear ‘28 Bealtaine 2027’ in ionad an dáta ‘28 Bealtaine 2026’.

(2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Bealtaine 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. RAOUNA

([1]) Cinneadh (CBES) 2024/1484 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2024 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis (IO L, 2024/1484, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1484/oj).

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/1484, faoin gceannteideal ‘A. Daoine nádúrtha’ cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad iontrálacha 1, 2, 3, 12, 13, 36 agus 43:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘1.	Nikolai Pavlovich DUBOVIK (Николай Павлович ДУБОВИК)	Post: Breitheamh de Chúirt Uachtarach Chónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Dáta breithe: 23.4.1956	Is breitheamh de Chúirt Uachtarach Chónaidhm na Rúise é Nikolai Pavlovich Dubovik. Agus a ról á fheidhmiú aige, dhiúltaigh sé breithniú a dhéanamh ar achomharc Alexei Navalny i gcoinne an fhíoraisc sa triail maidir le “béadchaint ar iarshaighdiúir”. Mar thoradh air sin, tharraing sé míchlú polaitiúil ar Alexei Navalny roimh reifreann bunreachtúil 2020 sa Rúis. Dá bhrí sin, tá Nikolai Pavlovich Dubovik freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024
2.	Eduard Borisovich ERDYNIEV (Эдуард Борисович ЭРДЫНИЕВ)	Post: Breitheamh de Chúirt Uachtarach Chónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Dáta breithe: 16.3.1964	Is breitheamh de Chúirt Uachtarach Chónaidhm na Rúise é Eduard Borisovich Erdyniev. Agus a ról á fheidhmiú aige, dhiúltaigh sé breithniú a dhéanamh ar achomharc Alexei Navalny i gcoinne an chinnidh pianbhreith iomlán a chur in ionad na pianbhreithe promhaidh. Dá bhrí sin, fógraíodh go raibh Alexei Navalny ciontach, agus blianta ina dhiaidh sin, cuireadh i bpríosún i gcoilíneacht phionósach ardslándála é chun nach mbeadh sé in ann a bheith gníomhaíoch i ngníomhaíochtaí polaitiúla.	27.5.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
3.	Andrey Vladimirovich FEDOROV (Андрей Владимирович ФЕДОРОВ/ФЁДОРОВ)	Post: Leas-Chathaoirleach Chúirt Dúiche Kirovsky in Tomsk Breitheamh i gCúirt Dúiche Kirovsky, cathair Tomsk Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh Rúiseach é Andrey Vladimirovich Fedorov atá ag obair i gCúirt Dúiche Kirovsky, cathair Tomsk. Agus a ról á fheidhmiú aige, dhiúltaigh sé an gearán maidir le neamhghníomhaíocht oifigigh Choiste Fiosrúcháin Chónaidhm na Rúise i Réigiún Tomsk i ndáil le hiarratas ar nimhiú Alexei Navalny a aithint mar rud neamhdhleathach. Cuireadh Alexei Navalny i bpríosún mar thoradh ar a chinneadh. Tugadh ardú céime dó go Leas-Chathaoirleach Chúirt Dúiche Kirovsky in Tomsk. Dá bhrí sin, tá Andrey Vladimirovich Fedorov freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn go mór ón smacht reachta sa Rúis.	27.5.2024
12.	Sergey Vladimirovich BLINOV (Сергей Владимирович БЛИНОВ)	Post: Cathaoirleach ar Chúirt Dúiche Slobodskoy i Réigiún Kirov Iar-Bhreitheamh i gCúirt Dúiche Leninsky, Kirov Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Dáta breithe: 1978	Ba bhreitheamh é Sergey Vladimirovich Blinov de Chúirt Dúiche Leninsky, Kirov. In 2013, ghearr sé 5 bliana príosúnachta ar Alexei Navalny agus 4 bliana príosúnachta ar an bhfear gnó Pyotr Ofitserov mar gheall ar chlaonchasadh sa triail “cás Kirovles” a raibh cúis pholaitiúil léi. Ina theannta sin, gearradh fíneáil 500 000 rúbal an duine orthu. Dá bhrí sin, tá Sergey Vladimirovich Blinov freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú. Tá sé ina chathaoirleach faoi láthair ar Chúirt Dúiche Slobodskoy i Réigiún Kirov.	27.5.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
13.	Evgeny Vladimirovich BORISOV (Евгений Владимирович БОРИСОВ)	Post: breitheamh i gCúirt Dúiche Nikulinsky, i Moscó Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Dáta breithe: 13.3.1984	Is breitheamh é Evgeny Vladimirovich de Chúirt Dúiche Nikulinsky, i Moscó. In 2015, ghlac sé éileamh chuideachta Kirovles 16 mhilliún rúbal a aisghabháil ó Alexei Navalny agus beirt chosantóirí eile i "cás Kirovles" a raibh cúis pholaitiúil leis. Dá bhrí sin, tá Evgeny Vladimirovich Borisov freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024
36.	Denis Gennadievich POPOV (Денис Геннадьевич ПОПОВ)	Post: Leas-Aire Chónaidhm na Rúise um Chosaint Shibhialta, Éigeandálaí, agus Deireadh a chur le hIarmhairtí Tubaistí Nádúrtha Iar-Ionchúisitheoir chathair Mhoscó Dáta breithe: 12.1.1972 Áit bhreithe: Sverdlovsk Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 770970517335	Ba é Denis Popov Ionchúisitheoir chathair Mhoscó. Cheap an tUachtarán Putin é in 2019. Bhí Popov freagrach as ionchúiseamh stáit Alexei Navalny agus ceannairí freasúra agus gníomhaithe polaitiúla eile i Moscó a eagrú. Bhí sé i gceannas go díreach nuair a aithníodh mar struchtúir antoisceacha na heagraíochtaí a chruthaigh Alexei Navalny chun tacú lena ghníomhaíochtaí polaitiúla. Dá bhrí sin, tá Denis Popov freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine nó as cur faoi chois na sochaí sibhialta agus an fhreasúra dhaonlathaigh, agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go tromchúiseach den smacht reachta sa Rúis. Faoi láthair, tá sé ina Leas-Aire ar Chónaidhm na Rúise um Chosaint Shibhialta, Éigeandálaí, agus Deireadh a chur le hIarmhairtí Tubaistí Nádúrtha.	20.5.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
43.	Ekaterina Feliksovna TIAMINA (Екатерина Феликсовна ТЯМИНА)	Post: Breitheamh de Chúirt Chathrach Chathair Pheadair Iar-Bhreitheamh de Chúirt Dúiche Kalininsky i gCathair Pheadair Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Ina cáil mar bhreitheamh i gCúirt Dúiche Kalininsky i gCathair Pheadair, ghearr Ekaterina Tiamina téarma príosúnachta 3 bliana ar Ioann Kurmoyarov, blagálaí agus sagart, ar chúisimh dar siocair an pholaitíocht as ucht “bréagnuacht”, mar a thugtar uirthi, faoi arm na Rúise a scaipeadh. Gabhadh Ioann Kurmoyarov as físeáin a fhoilsiú ar ardáin éagsúla meán sóisialta, físeáin inar cháin sé cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin ar bhonn an tsíochánachais Chríostaí agus na diagachta Ceartchreidmhí. Chuir Ekaterina Tiamina síneadh le tréimhse príosúnachta Viktoria Petrova, bainisteoir, ar chúisimh dar siocair an pholaitíocht as ucht “bréagnuacht”, mar a thugtar uirthi, faoi arm na Rúise a scaipeadh. Gabhadh Petrova as físeáin frith-chogaíochta YouTube, mar shampla ábhar arna chruthú ag Maksim Katz, Aleksandr Nevzorov agus Uachtarán na hÚcráine, Zelenskyy, a chomhroinnt ar a leathanach pearsanta VK. Dá bhrí sin, tá Ekaterina Tiamina freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar an gceart chun saoirse tuairimíochta agus chun tuairimí a nochtadh, as cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta, agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go tromchúiseach den smacht reachta sa Rúis. Tá sí ina breitheamh de Chúirt Chathrach Chathair Pheadair faoi láthair.	20.5.2025’